RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/5 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Eanáir 2022

lena leasaítear den 325ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis arna gcumhdach ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 29 Nollaig 2021, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe dhá iontráil a chur le liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart é a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
An tArd-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

IARSCRÍBHINN

(1) In Iarscríbhinn I le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, faoin gceannteideal "Daoine nádúrtha", cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"Ashraf Al-Qizani (script bhunaidh: أشرف القيزاني) (ailias dea-cháilíochta: (a) Ashraf al-Gizani; (b) Abu 'Ubaydah al-Kafi; (c) Achref Ben Fethi Ben Mabrouk Guizani; (d) Achraf Ben Fathi Ben Mabrouk Guizani). Dáta breithe: 5.10.1991. Áit bhreithe: El Gouazine, Dahmani, Gobharnóireacht Le Kef, an Túinéis. Náisiúntacht: An Túinéis. Uimh. aitheantais náisiúnta: 13601334, an Túinéis. Faisnéis eile: Comhalta sinsearach den Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (SIIS), a liostaítear mar Al-Qaida san Iaráic. Earcaíodh le haghaidh SIIS é agus d'ordaigh sé do dhaoine aonair gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh trí fhíseán ar líne. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 29.12.2021."

(2) In Iarscríbhinn I le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, faoin gceannteideal "Daoine dlítheanacha, grúpaí agus eintitis", cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"Jund Al-Khilafah in Tunisia (JAK-T) (script bhunaidh: جند الخلافة في تونس) (ailias: (a) ISIL-Tunisia; (b) ISIL-Tunisia Province; (c) Soldiers of the Caliphate; (d) Jund al-Khilafa; (e) Jund al Khilafah; (f) Jund al-Khilafah fi Tunis; (g) Soldiers of the Caliphate in Tunisia; (h) Tala I Jund al-Khilafah; (i) Vanguards of the Soldiers of the Caliphate; (j) Daesh Tunisia; (k) Ajnad). Faisnéis eile: Arna bhunú i mí na Samhna 2014. Bainteach leis an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (SIIS), a liostaítear mar Al-Qaida san Iaráic. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 29.12.2021."